Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Márta 2022
(OR. en)

7740/22

LIMITE

MAMA 51
MED 8
MA 2
ENV 301
ENER 111

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Comhpháirtíocht Ghlas AE-Mharacó<br>- Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a chaibidil |

1. An 9 Márta 2022, chuir an Coimisiún in iúl don Mheitheal um an Maisreic/an Maghraib (MaMa) go raibh sé ar intinn aige dul i mbun caibidlíochta i ndáil le Meabhrán Tuisceana (MT) thar ceann an Aontais maidir le Comhpháirtíocht Ghlas le Maracó (WK 3463/2022 + COR 1).

2. Leis an Meabhrán Tuisceana maidir le Comhpháirtíocht Ghlas atá beartaithe tá sé ar intinn deis a thabhairt creat struchtúrtha a bhunú le haghaidh idirphlé córasach idir an tAontas agus Maracó maidir leis na príomhearnálacha lena mbaineann. Ba cheart féachaint air freisin i gcomhthéacs an chomhair maidir le fuinneamh agus an t-athrú aeráide a bheith ina ghné thábhachtach cheana féin den chomhpháirtíocht idir an tAontas agus Maracó mar a cuireadh chun suntais freisin i nDearbhú Comhpháirteach AE-Mharacó 2019 (10955/19).

3. Ag an gcruinniú a bhí aige an 28 Márta 2022, d'aontaigh MaMa, ar a shon féin, leis an moladh ón gCoimisiún dul i mbun caibidlíochta maidir leis an Meabhrán Tuisceana atá beartaithe, ar bhonn na dtásc a leagtar amach in WK 3463/2022 COR 1.

4. Tuigtear go gcoinneoidh an Coimisiún MaMa ar an eolas faoi dhul chun cinn na caibidlíochta agus go bhfillfidh sé ar an gComhairle ag deireadh na caibidlíochta chun a iarraidh go bhformheasfadh an Chomhairle an dréacht-Mheabhrán Tuisceana thar ceann an Aontais Eorpaigh.

5. Faoi réir a dhearbhaithe ag Coiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle, dá bhrí sin, intinn an Choimisiúin dul i mbun caibidlíochta maidir le Meabhrán Tuisceana thar ceann an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhpháirtíocht Ghlas le Maracó a fhormheas.

PUBLIC